COMHAIRLE CHONTAE DHÚN NA NGALL
ÁRAS AN CHONTAE, LEIFEAR, CONTAE DHÚN NA NGALL

Guthán: (074) 91 72222 Facs: (074) 91 41205 www.ccdhunnangall.ie

IARRATAS AR CHEADÚNAS CHUN BÓTHAR POIBLÍ A OSCAILT AGUS/NÓ NASCADH LE SEIRBHÍS PHOIBLÍ

1. SONRAÍ AN IARRATASÓRA:

(CEANNLITREACHA)
Ainm: _____
Seoladh: _____
Uimhir Ghutháin: _____ Guthán Póca: _____
Seoladh ríomhphoist:
_____

2. SONRAIGH AN CINEÁL IARRATAIS / NA CINEÁLACHA IARRATAS ATÁ TÚ A DHÉANAMH:

(Cuir tic sna boscaí uilig a bhaineann le hábhar)
Bóthar, cosán nó ciumhais phoiblí a oscailt (Líontar cuid 4)
Nasc le soláthar poiblí uisce (Líontar cuid 5)
Nasc le séarach poiblí (Líontar cuid 6)
Nasc le draein áir bháistí (Líontar cuid 7)

3. SONRAÍ NA RÉADMHAOINE AGUS AN CHUSTAIMÉARA A bhFUIL IARRATAS Á DHÉANAMH / IARRATAIS Á nDÉANAMH INA LEITH:

Uimhir Thagartha Pleanála
_____
Ainm an Úinéara (más difriúil le hainm an iarratasóra):
_____
Uimhir ID an Chustaiméara: _____ (Féach Treoirnóta C)
Seoladh na Réadmhaoine:
_____
An bhfuil an réadmhaoin laistigh de theorainn Chomhairle Baile? Tá Níl
***Baineann an chuid eile den chuid seo le hiarratasóirí ar nasc uisce agus ar nasc séaraigh amháin*:**

Catagóir na Réadmhaoine:
Baile Talmhaíocht Tráchtáil Tionsclaíoch Institiúideach Saoire/Fóillíocht
(Más baile atá i gceist le cuid den réadmhaoin mar aon le catagóir eile, cuir tic le 'Baile' mar aon leis an chatagóir eile)
Cuir síos go sonrach ar úsáidí na réadmhaoine:
_____
(e.g. Áit chónaithe, Gruagaire, Bialann, Áit miondíola, Oifig, Monarcha, Stóras, srl.)
Líon na n-aonad a ndéanfaidh an nasc freastal orthu: _____ (Féach Treoirnóta D)

4. SONRAÍ FAOI OSCAILT AN BHÓTHAIR: (Féach Treoirnóta E)

An fáth ar gá an bóthar a oscailt:

_____

Gnáthchrosáil bhóthair: Is ea Ní hea

agus / nó

Fad na tochailte a bheidh de dhíth (i méadair):

Dromchla an bhóthair (Lena n-áirítear an gruaimhín níos lú ná 1m ó imeall an bhóthair): _____

Cosán: _____

Ciumhais bhóthair níos mó ná 1m ó imeall an bhóthair: _____

Dúnphoill (líon acu):

Sa charrbhealach: _____

Sa ghruaimhín: _____

Ar sheiceáil tú le cuideachtaí fóntais an bhfuil seirbhísí eile acu cheana féin sa bhóthar – agus más amhlaidh go bhfuil, cén áit a bhfuil siad, agus an bhfuil siad marcáilte ar an léarscáil a ghabhann leis seo?

Sheiceáil Níor sheiceáil

Sonraí an Chonraitheora a dhéanfaidh an obair:

---

5. SONRAÍ FAOIN NASC UISCE: (Féach Treoirnóta F)

Achar idir an réadmhaoin agus an pointe nasctha: _____

Méid an naisc / na nasc atá le déanamh leis an phríomhlíne uisce:

12.5mm ($^{1}/_{2}$”) 100mm (4”) Eile: _____

6. SONRAÍ FAOIN NASC SÉARAIGH:

Achar idir an réadmhaoin agus an pointe nasctha: _____

Méid an naisc / na nasc atá le déanamh leis an séarach:

100mm (4”) 150mm (6”) Eile: _____

An cineál séarachais ón suíomh: Pumpa Domhantarraingthe

7. SONRAÍ FAOIN NASC LEIS AN DRAEIN ÁIR BHÁISTÍ: (Féach Treoirnóta G)

Achar idir an réadmhaoin agus an pointe nasctha: _____

Méid an naisc / na nasc atá le déanamh leis an draein áir bháistí:

100mm (4”) 150mm (6”) Eile: _____

8. GNÁTHCHOINNÍOLLACHA:

Glacann an t-iarratasóir leis an mhéid seo a leanas agus glacann sé/sí mar chúram air/uirthi féin an méid seo a leanas a dhéanamh:

8.1 Comhairle Chontae Dhún na nGall agus a hOifigigh a shlánú le haghaidh aon éilimh as damáiste nó díobháil do réadmhaoin nó do dhuine a éireoidh as na hoibreacha. Áireofar leis an slánú damáiste do réadmhaoin na Comhairle agus do phíopaí nó seirbhísí ar maoin na Comhairle nó daoine eile iad, agus, beidh feidhm leis go dtí go mbeidh deireadh le tréimhse dhá mhí dhéag ón dáta a osclófar an bóthar/cosán/ciumhais bhóthair, nó go dtí go mbeidh an t-athchóiriú ar fad curtha i gcrích go sásúil.

8.2 Gach gnáth-tháille a íoc agus aon mhuirear breise réasúnta a íoc sa chás nach leor na gnáth-tháillí leis na costais a thabhófar a chlúdach.

8.3 Gan cur isteach ar dhóigh ar bith ar an phríomhlíne uisce/séarachais a bhfuil nasc le déanamh léi ach amháin sa chás go ndéanfar sin faoi mhaoirseacht duine údaraithe de chuid na Comhairle.

8.4 Nach gclúdófar an obair phluiméireachta a dhéanfar leis an nasc a éascú go dtí go mbeidh deis ag an Chomhairle imscrúdú a dhéanamh ar na hoibreacha. Má chlúdófar, féadfaidh an Chomhairle de réir mar is rogha léi féin a iarraidh go ndíchlúdófar píbailt, srl. le haghaidh imscrúdaithe ar chostas an iarratasóra.

8.5 Cead a thabhairt d'fhoireann údaraithe na Comhairle atá i mbun imscrúdaithe teacht isteach gach am is réasúnta.

8.6 Nach mbeidh an Chomhairle freagrach as aon teip ná briseadh i soláthar an uisce (fiú más cailliúnt airgeadais nó eile is toradh air) agus go mbeidh sé de chead ag an Chomhairle aon soláthar uisce den chineál sin a chur as de réir mar a dheonófar ag aon am gan aon réamhfhógra.

8.7 I gcás ilfhorbraíochtaí, sonraí a chur ar fáil don Chomhairle ar cheannaitheoirí/shealbhóirí aonaid aonair.

8.8 Gach bruscar, ábhar agus trealamh a bhaint ar shiúl, agus an bóthar, ciumhais nó cosán a athchóiriú chun sásaimh iomláin na Comhairle.

8.9 Gan aon chainéal a oscailt trasna an bhóthair, na ciumhaise nó an chosáin sa dóigh nach mbeidh daoine, ainmhithe nó feithiclí in ann dul an bealach sin go sábháilte.

8.10 Ní cheadaítear in aon imthosca faoin iarratas seo aon phíopa seirbhíse nó aon síneadh leis an phríomhlíne (uisce nó séarachais) a shíneadh chun go mbainfear úsáid as chun críocha nach bhfuil sonraithe san iarratas seo. Ní mór iarratas nua a chur isteach le haghaidh aon sínte atá de dhíth.

8.11 A chinntiú nach sceithfear aon uisce ar a c(h)uid réadmhaoine/áitribh agus má tharlóidh go n-aimseofar a leithéid de sceitheadh, go réiteofar an fhadhb láithreach. Caithfidh an Chomhairle le huisce a sceithfear, sceitheadh neamh-athchóirithe san áireamh, mar ghnáthúsáid le haghaidh cúrsaí billeála.

8.12 Aon mhuirir uisce nó seirbhíse a ghearrfaidh an Chomhairle anois nó san am atá le teacht i leith aon nasc seirbhìse a dheonófar a íoc.

8.13 I ngach cás ina bhfreastlaíonn an nasc ar níos mó ná aonad amháin (e.g. cip árasán, ionaid siopadóireachta / ionaid mhiondíola, srl), tá pluiméireacht le haghaidh soláthar ar leith uisce le cur i ngach aonad, lena n-áirítear buacaire agus bocsa méadraithe a bheidh lonnaithe taobh amuigh den aonad in áit a mbeidh rochtain ag fostaithe agus/nó ag gníomhaithe de chuid na Comhairle air go réidh.

9. DEARBHÚ:

Leis seo, cuirim iarratas isteach ar nasc le príomhlíne uisce/séarach poiblí agus/nó ar chead chun bóthar/cosán/ciumhais phoiblí a oscailt bunaithe ar an eolas thuas. Tá na gnáthchoinníollacha a bhaineann le hoibreacha den chineál sin léite agam agus agus dearbhaím go dtuigim iad agus go nglacaim leo ina n-iomlán. Déanfar na hoibreacha uilig de réir na ngnáthchoinníollacha agus na sonraíochta sonraithe a eiseoidh an Chomhairle in éineacht leis an cheadúnas.

Tuigim nach ionann an fhoirm seo a líonadh agus cead a fháil chun nascadh le soláthar uisce/séarach poiblí ná le bóthar, cosán ná ciumhais a oscailt. Ina theannta sin, sula n-eiseofar an ceadúnas, beidh sé

d'oibleagáid orm gach táille a ghearrfar maidir leis an iarratas seo a íoc agus an slánú árachais riachtanach a sholáthar chun na hoibreacha a dhéanamh.

Arna síniú ag: _____ Dáta: _____

Treoirnótaí

A. Ní mór an fhoirm seo a líonadh go soiléir agus ar bhealach soléite – cuirfear foirmeacha nach bhfuil iomlán líonta nó atá doléite ar ais.

B. Ní mór léarscáil den áit a bhfuil an suíomh agus léarscáil leagain amach den suíomh a chur leis an fhoirm iarratais seo ar a léirítear go soiléir an áit a bhfuil an réadmhaoin/áitreabh a bhfreastlófar air, an áit a bhfuiltear a mholadh an nasc a dhéanamh agus/nó an bóthar poiblí a oscailt agus bealach na píblíne. Ní ghlacfar le sceitsí déanta de láimh.

C. Más amhlaidh go raibh úinéir na réadmhaoine i mbun gnóthaí leis an Chomhairle a raibh beartas airgeadais mar chuid díobh roimhe seo, beidh uimhir ID Chustaiméara aige/aici/acu. Ní mór an uimhir sin a thabhairt i *gCuid 3*.

D. I *gCuid 3*, is é atá i gceist le haonad, foirgneamh/réadmhaoin nó cuid d'fhoirgneamh/réadmhaoin a bheidh in úsáid nó a oibreofar mar aonán singil neamhspleách (bíodh an té a bhainfidh úsáid as mar úinéir air, bíodh sé ar cíos nó ar léas aige/aici/acu) – teach, siopa, oifig, ceardlann, srl. Seo a leanas samplaí d'áiteanna ina mbeifear ag freastal ar níos mó ná aonad amháin:

- Eastáit tithíochta – sonraigh líon na dtithe
- Cip árasán – sonraigh líon na n-árasán
- Ionaid siopadóireachta / áiteanna miondíola – sonraigh líon na n-aonad miondíola ar leith
- Páirceanna carbhán – sonraigh líon na gcarbhán / ardáin chrua
- Páirceanna / eastáit thionsclaíocha – sonraigh líon na n-aonad ar leith

E. (i) Is ionann an téarma "bóthar poiblí" agus aon bhóthar faoi chúram na Comhairle, agus folaíonn sé aon limistéar idir na claíocha, bíodh dromchla air ó ná bíodh.

(ii) Nuair a chuirtear isteach ar chead chun bóthar a oscailt, tá sé de dhualgas ar an iarratasóir a fháil amach an bhfuil seirbhísí eile sa bhóthar cheana féin (e.g. línte cumhachta, cáblaí gutháin, srl.) agus an áit a bhfuil siad a mharcáil ar léarscáil a ghabhfaidh leis an iarratas

(iii) Is ionann 'gnáthchrosáil bhóthair' agus aon bhóthar dhá lána ar lú a leithead ná 8m (an ghualainn chrua san áireamh)

F. (i) Baineann *Cuid 5* le scéimeanna poiblí uisce agus le grúpscéimeanna uisce araon nach bhfuil soláthar ar fáil dóibh ó scéim phoiblí, is cuma cé acu a thógfaidh an Chomhairle i gcúram iad nó nach dtógfaidh.

(ii) Sa chás go bhfuil nasc uisce á lorg i gceantar ina bhfuil brú íseal agus/nó ar thalamh ard, moltar go láidir d'iarratasóirí stóras breise a chur ar fáil. Ní ráthaíonn an Chomhairle soláthar leanúnach uisce.

(iii) Ní mór an t-achar a thomhas ón phointe a bhfuil an tseirbhís le dul isteach sa suíomh.

G. Tá feidhm le *Cuid 7* sa chás amháin go bhfuiltear a mholadh uisce áir bháistí/dromchla a dhiúscairt trí phíopa nó draein ar leis an Chomhairle iad. De ghnáth is amhlaidh a bheidh i gceantar uirbeach nó gar dá leithéid.

H. Cuirfear ar an eolas tú in am tráth maidir leis na muirir chuí agus ní mór iad a íoc ina n-iomlán sula n-eiseofar an ceadúnas.